Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15315/1/25**
**REV 1**

**TELECOM 396**
**CYBER 327**
**RELEX 1461**
**COPS 585**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14928/25 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach a chur chun cinn<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 20 Samhain 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach a chur chun cinn, mar a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha iad ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Samhain 2025.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach a Chur Chun Cinn**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI:

- Na Conclúidí ón gComhairle Eorpach ó Aibreán 2024
- Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint, an 25 Bealtaine 2022
- Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach an 19 Eanáir 2025
- an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití an 23 Eanáir 2023
- An Dearbhú ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit maidir le Comhthuiscint ar Chur i bhFeidhm an Dlí Idirnáisiúnta i leith an Chibearspáis an 18 Samhain 2024

AGUS Í AG CUR LEIS NA DOICIMÉID SEO A LEANAS

- Conclúidí ón gComhairle an 18 Meitheamh 2022 agus an 26 Meitheamh 2023 maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais
- Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le todhchaí bheartas digiteach an Aontais
- Conclúidí ón gComhairle an 6 Meitheamh 2025 maidir le nascacht iontaofa athléimneach

## I. An saol dhigiteach agus an teicneolaíocht i gcroílár ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach. Cuireann an Straitéis cur chuige uaillmhianach straitéiseach ar fáil maidir le rannpháirtíocht an Aontais i ngnóthaí digiteacha domhanda. Is é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas teicneolaíoch domhanda an Aontais, nuálaíocht a chothú, slándáil agus cosaint a neartú, feabhas a chur ar na sineirgí idir beartais dhigiteacha an Aontais agus CBES/CBSC, rannchuidiú le claochlú digiteach domhanda atá inbhuanaithe, slán agus iontaofa, agus rialachas domhanda teicneolaíochta agus digiteach a mhúnlú i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta. Ba cheart an cineál rannpháirtíochta a shaothraítear le tríú tíortha agus rogha na réimsí comhair a bheith i gcomhréir le leasanna geopholaitiúla, geo-eacnamaíochta agus slándála an Aontais agus a Bhallstát.

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR chumhacht chlaochlaitheach na dteicneolaíochtaí ar bheartais eachtracha, slándála, cosanta agus slándála eacnamaíche an Aontais, agus ar ár ndaonlathas. I bhfianaise na n-athruithe geopholaitiúla, an athraithe thapa theicneolaíoch, agus an iomaíochais dhomhanda mhéadaithigh i réimsí na nuálaíochta, na ndaoine tréitheacha agus na hinfheistíochta, tá sé ríthábhachtach claochlú digiteach na hEorpa a chur chun cinn, a ceannasacht a threisiú agus a héiceachóras digiteach oscailte féin a neartú. Chuige sin, ní mór na comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a threisiú, agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta iontaofa agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar chúrsaí a bhaineann leis an nuálaíocht dhigiteach agus leis an rialachas digiteach.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas do chur chuige duinelárnach, atá bunaithe ar chearta an duine agus ilpháirtithe leasmhara i leith rialachas na dteicneolaíochtaí digiteacha, atá fréamhaithe i gcearta uilíocha an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, agus i saoirsí bunúsacha, i luachanna daonlathacha agus i bprionsabail an smachta reachta.

4. LEAGANN SÍ BÉIM AR ról na teicneolaíochta i gcomhthéacs geopholaitiúil an lae inniu agus ar an ngá atá le taidhleoireacht dhigiteach uaillmhianach atá dírithe ar ghníomhaíocht chun cuspóirí beartais eachtraigh, slándála agus cosanta an Aontais a chur chun cinn.

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le comhar idirnáisiúnta níos doimhne agus níos leithne, lena n-áirítear i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, mar shampla, an intleacht shaorga, ardnascacht, leathsheoltóirí agus teicneolaíochtaí candamacha, chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát a chosaint chomh maith leis an tslándáil eacnamaíoch a chur chun cinn.

## II. Comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí a fhorbairt don Eoraip

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cuspóir líonra domhanda comhpháirtíochtaí an Aontais a dhoimhniú, a leathnú agus a nascadh trí chur chuige straitéiseach a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh. TACAÍONN SÍ LE bunú Líonra Comhpháirtíochta Digití chun comhar an Aontais le tíortha comhpháirtíochta iontaofa a éascú. D’fhéadfadh an Líonra faisnéis a mhalartú, comhthionscadail a shaothrú, agus teacht le chéile go rialta ar leibhéal polaitiúil agus teicniúil.

7. CUIREANN SÍ IN IÚL a thábhachtaí atá rannpháirtíocht thráthúil shubstainteach na mBallstát maidir le Comhpháirtíochtaí Digiteacha, Idirphlé agus Comhairlí Trádála agus Teicneolaíochta an Aontais agus a dtosaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach an Aontais. LEAGANN SÍ BÉIM AR an luach a bhaineann le dlúth-rannpháirtíocht ghnólachtaí teicneolaíochta an Aontais agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus an pobal taighde, chun spriocanna comhroinnte a chur chun cinn ar bhonn comhchoiteann.

8. TACAÍONN SÍ leis an gcomhar le tíortha comhpháirtíochta maidir le réitigh bonneagair phoiblí dhigitigh Eorpaigh, mar shampla, an Creat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach agus an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta, lena n-oibrítear chun seirbhísí digiteacha poiblí trasteorann a chumasú.

9. IARRANN SÍ go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar chomhpháirtíochtaí slándála agus cosanta trí chumais theicneolaíocha dé-úsáide a ghiaráil, trí thionscal teicneolaíochta slándála agus cosanta an Aontais a shuí mar chomhpháirtí ríthábhachtach agus mar spreagadh don nuálaíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. MOLANN SÍ don Choimisiún agus don Ardionadaí tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach chomhthairbheach le ECAT maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur i bhfeidhm sa tslándáil agus sa chosaint, agus lánurraim á tabhairt do na treoirphrionsabail a comhaontaíodh.

10. TACAÍONN SÍ le leathnú na gcaibidlí trádála digití i gcomhaontuithe saorthrádála, i gcomhaontuithe trádála digití neamhspleácha nó i gcomhaontuithe níos leithne agus níos doimhne maidir le Comhpháirtíochtaí Digiteacha agus Idirphlé Digiteach. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá saorshreabhadh sonraí le muinín idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta chun idir-inoibritheacht agus comhchuibhiú rialachais agus rialála sonraí a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin an Aontais.

11. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas do chlaochlú digiteach domhanda atá inbhuanaithe agus cuimsitheach agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá dlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta agus le páirtithe leasmhara chun nuálaíocht dhigiteach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá a áirithiú go ndéanfar comhpháirtíochtaí ábhartha a ailíniú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, chomh maith leis an gComhshocrú Digiteach Domhanda, Comhaontú Pháras, agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

12. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról lárnach atá ag an gclaochlú digiteach i gcomhthéacs na Straitéise *Global Gateway* agus phacáistí an gheilleagair dhigitigh. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé nascacht shlán iontaofa a chur chun cinn i dtionscnaimh idirnáisiúnta an Aontais. Tá ardnascacht ríthábhachtach chun bearnaí digiteacha a dhúnadh, laistigh de thíortha agus eatarthu araon, mar aon leis an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.

## III. Ról agus tionchar thionscal teicneolaíochta an Aontais a ghiaráil ar fud an domhain

13. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról tábhachtach atá ag cuideachtaí teicneolaíochta an Aontais – lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus cuideachtaí móra – agus a rannchuidiú criticiúil le Comhpháirtíochtaí Digiteacha an Aontais trí chomhar gnólacht le gnólacht agus gnólacht le rialtas a chothú, agus béim á leagan ar dheiseanna infheistíochta agus ar nuálaíocht teicneolaíochta. AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach atá ag cuideachtaí teicneolaíochta an Aontais i bhfóraim iltaobhacha agus ilpháirtithe leasmhara agus spreagann sí rannpháirtíocht mhéadaithe sa rialachas digiteach agus sa chaighdeánú digiteach.

14. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cruthaíodh Tairiscint Ghnó Teicneolaíochta an Aontais, lena n-áirítear tacaíocht do rochtain chuideachtaí teicneolaíochta an Aontais ar mhargaí tíortha comhpháirtíochta. Ba cheart an Tairiscint a úsáid chun tacú, *inter alia*, le nascacht shlán iontaofa, bonneagar poiblí digiteach agus réitigh intleachta saorga agus bogearraí a chur in úsáid. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur cheart an Tairiscint a chur in oiriúint do riachtanais na gcomhpháirtithe agus gur cheart don Aontas agus dá Bhallstáit í a bhainistiú go comhpháirteach trí chur chuige 'Foireann na hEorpa'. Cuirfidh sé sin ar chumas an Aontais a bheith ina rogha comhpháirtí le tríú tíortha agus an nuálaíocht agus an fhorbairt teicneolaíochta laistigh den Aontas á neartú ag an am céanna. MOLANN SÍ go gcuirfí Tairiscint Ghnó Teicneolaíochta an Aontais chun cinn go gníomhach chun a áirithiú go gcuirfear cuideachtaí Eorpacha, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus cuideachtaí móra, ar an eolas agus go mbeidh siad rannpháirteach i struchtúrú na Tairisceana agus go mbeidh siad in ann tairbhe iomlán a bhaint as an tionscnamh sin.

15. Molann sí don Choimisiún, don Ardionadaí agus do na Ballstáit gné dhigiteach de *Global Gateway* a neartú, leanúint de mhoil dhigiteacha a fhorbairt i dtíortha comhpháirtíochta agus Tairiscint Ghnó Teicneolaíochta an Aontais a chur chun cinn, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - An obair ar bhonneagar digiteach slán iontaofa a neartú, mar shampla, lárionaid sonraí inbhuanaithe agus monarchana intleachta saorga, ardnascacht, lena n-áirítear 5G/6G, cáblaí fomhuirí agus nascacht satailíte.

- Cur chuige Fhoireann na hEorpa a chur chun cinn i dtionscnaimh dhigiteacha faoi *Global Gateway* trí chomhordú a áirithiú i measc na mBallstát agus an Aontais, lena n-áirítear institiúidí maoiniúcháin an Aontais. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an comhar sa cheanncheathrú agus i measc na dtoscaireachtaí, na misean agus na n-ambasáidí, agus úsáid á baint as na hacmhainneachtaí atá ar fáil, ar nós an Líonra Taidhleoireachta Digití agus an Mol Digiteach don Fhorbairt.
- Saineolas an éiceachórais nuálaíochta a ghiaráil chun feabhas a chur ar iarrachtaí an chlaochlaithe dhigitigh.
- Deiseanna a lorg le haghaidh comhar idir tionscnaimh Thairiscint Ghnó Teicneolaíochta an Aontais tionscnaimh na dtíortha comhpháirtíochta chun comhlántachtaí a ghiaráil agus sineirgí a chruthú.

**IV. Comhpháirtíocht ar mhaithe le claochlú digiteach slán iontaofa**

16. LEAGANN SÍ BÉIM AR ar an ngá atá le feabhas a chur ar obair an Aontais chun dlús a chur leis an gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le bonneagar digiteach slán iontaofa, slabhraí soláthair, cibearshlándáil, athléimneacht, agus dul i ngleic le cibearbhagairtí. TACAÍONN SÍ le Bosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme a thuilleadh i gcomhréir leis na treoirlínte cur chun feidhme athbhreithnithe[1].

17. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá fothú acmhainneachta i dtíortha comhpháirtíochta chun tacú lena gclaochlú digiteach ar bhealach slán cuimsitheach. MOLANN SÍ comhordú níos dlúithe idir an fhorbairt dhigiteach agus iarrachtaí fothaithe cibear-acmhainneachta, agus idir na Ballstáit, an tAontas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta chun comhleanúnachas, éifeachtacht agus tionchar straitéiseach a uasmhéadú.

18. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus creat na Náisiún Aontaithe maidir le hiompar freagrach Stáit sa chibearspás a chur chun cinn. TACAÍONN SÍ le rannpháirtíocht leanúnach an Aontais agus na mBallstát maidir le Sásra Domhanda na Náisiún Aontaithe a mhúnlú i ndáil le forbairtí i réimse TFCanna i gcomhthéacs na slándála idirnáisiúnta agus iompar freagrach Stáit a chur chun cinn maidir le húsáid TFCanna, agus MOLANN SÍ go leanfaí den chomhar idirnáisiúnta, déthaobhach agus trasréigiúnach le comhpháirtithe, lena n-áirítear an pobal ilpháirtithe leasmhara, laistigh den Sásra Domhanda.

---

[1] Treoirlínte Cur Chun Feidhme Athbhreithnithe Bhosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta 10289/23

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tiomantas leanúnach chun cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI), lena n-áirítear trí acmhainneachtaí na dtíortha comhpháirtíochta a neartú, agus an daonlathas agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, á gcaomhnú ag an am céanna.

## V. Ceannaireacht an Aontais sa rialachas digiteach domhanda

20. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR nach mór don Aontas ról ceannasach a choinneáil ar bun i rialachas domhanda digiteach agus teicneolaíochta, lena n-áirítear rialachas idirlín, agus a dhícheall a dhéanamh rialachas digiteach duinelárnach a chur chun cinn, atá fréamhaithe go daingean i gcearta uilíocha an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha. Ba cheart é sin a bheith bunaithe ar chur chuige cuimsitheach il-pháirtithe leasmhara le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara uile, go háirithe ó thíortha atá i mbéal forbartha. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról lárnach atá ag an Aontas agus ag na Ballstáit maidir le comhghuaillíochtaí a chruthú go réamhghníomhach i bhfóraim ilpháirtithe leasmhara agus iltaobhacha, in eagraíochtaí réigiúnacha agus i bpríomhrialtóirí eile maidir le seirbhísí digiteacha agus teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

21. MOLANN SÍ don Choimisiún agus don Ardionadaí a áirithiú go mbeidh an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le caighdeáin dhomhanda atá dírithe ar an duine agus atá bunaithe ar chearta an duine a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara domhanda i réimsí ar nós IS atá slán agus iontaofa, sliseanna, ardnascacht, cibearshlándáil, teicneolaíochtaí candamacha, agus an idirlíon oscailte atá saor, neodrach, domhanda, idir-inoibritheach, iontaofa, agus slán. Cuimsítear leis sin rannpháirtíocht ghníomhach i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú a éascú.

22. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá rannpháirtíocht leathan Bhallstáit an Aontais i bpríomhphróisis agus i bpríomhfhóraim idirnáisiúnta, ar nós an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda maidir le próiseas na Sochaí Faisnéise agus athbhreithniú+ 20, an Fóram um Rialachas Idirlín, agus comhdhálacha agus Meithleacha de chuid an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU). ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá creat an Cruinnithe Mullaigh Dhomhanda faoin tSochaí Faisnéise chun Clár Oibre 2030 agus Comhshocrú Digiteach Domhanda (CDD) na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, lena gcuirtear comhleanúnachas agus comhordú níos fearr chun cinn ar fud na bpróiseas rialachais dhigitigh idirnáisiúnta. Tá an tAontas tiomanta go daingean an CDD a chur chun feidhme.

## VI. Na chéad chéimeanna eile

23. IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit comhoibriú go dlúth chun an Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach a chur chun feidhme agus leas a bhaint as an móiminteam chun slándáil, nuálaíocht agus iomaíochas domhanda an Aontais a neartú.

24. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí measúnú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, na Ballstáit a chur ar an eolas agus dul i dteagmháil leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá ar siúl agus atá beartaithe chun an Straitéis a chur chun feidhme; MOLANN SÍ DO na Ballstáit an méid a chuireann siad le cur chun feidhme na Straitéise a thabhairt cothrom le dáta go rialta, go háirithe a ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta lena gcomhlánaítear í.

25. IARRANN an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit Tairiscint Ghnó Teicneolaíochta an Aontais a shainiú agus a chur i gcrích go comhpháirteach, agus baint a bheith ag éiceachóras teicneolaíochta na hEorpa, ag Grúpa Comhairleach Gnó *Global Gateway* agus ag an Mol Digiteach don Fhorbairt. MOLANN an Chomhairle don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na bacainní atá roimh chuideachtaí an Aontais agus iad i mbun plé le tionscnaimh dhigiteacha *Global Gateway*.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh ar conas feabhas a chur ar rannpháirtíocht lucht tionsclaíochta i bhfóraim dhomhanda um chaighdeánú, mar shampla, earnáil caighdeánaithe ITU, Tascfhórsa Innealtóireachta an Idirlín (IETF), an Tionscadal Comhpháirtíochta 3ú Glúin (3GPP), Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO), an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC), agus Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI), i gcás inarb ábhartha, i ndlúthchomhar le Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT).

27. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar theicneolaíochtaí criticiúla agus ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh CBES, CBSC agus comhar idirnáisiúnta sa Choiste Polaitiúil agus Slándála (PSC) ar bhonn rialta agus ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha (CGE) faoi mhí na Samhna 2026.